Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10947 – ATLAS ARTERIA / OTPP / SKYWAY CONCESSION COMPANY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 428/12)

1. An 31 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Atlas Arteria (an Astráil),

— Ontario Teachers' Pension Plan ("OTPP", Ceanada),

— Skyway Concession Company LLC ("Skyway Concession Company", SAM).

Gheobhaidh Atlas Arteria agus OTPP rialú comhpháirteach ar Skyway Concession Company de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atá an comhchruinniú á dhéanamh.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is úinéir, oibreoir agus forbróir bóithre dola domhanda é Atlas Arteria. Is "feithicil dhéstápláilte" é atá liostaithe ar mhalartán urrús na hAstráile, agus cuimsítear Atlas Arteria Limited agus Atlas Arteria International Limited ann. I bhfochair a chéile, tá punann acu ina bhfuil ceithre bhóthar dola, a bhfuil dhá cheann acu sa Fhrainc (APRR agus ADELAC), ceann amháin acu sa Ghearmáin (Warnow Tunnel) agus ceann amháin acu sna Stáit Aontaithe (Dulles Greenway),

— Tá OTPP bainteach le sochair phinsin a riar agus sócmhainní plean pinsin a infheistiú thar ceann tuairim agus 333 000 múinteoir, idir mhúinteoirí gníomhacha agus mhúinteoirí atá ar scor, i gcúige Ontario Cheanada,

— Is é Skyway Concession Company lamháltóir an bhóthair dola Chicago Skyway in Chicago, Illinois. Níl aon ghníomhaíocht ar bun aici sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10947 – ATLAS ARTERIA / OTPP / SKYWAY CONCESSION COMPANY

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË